# Gairmeacha San Innealtóireacht a Iniúchadh

STEPS
Engineers Ireland




# EngineersWeek
## 4 - 10 March 2017

Exploring STEM careers
SMART FUTURES
www.smartfutures.ie

WWW.ENGINEERSWEEK.IE

## Faisnéis do Mhúinteoirí

Go raibh míle maith agat as cinneadh a dhéanamh páirt a ghlacadh i Seachtain na nInnealtóirí. Seol isteach sonraí faoi aon ghníomhaíochtaí atá beartaithe agat féin is ag do rang chun teastas a fháil go raibh sibh páirteach i Seachtain na nInnealtóirí!

## Glac Páirt agus Buaigh!

1. Cuir na gníomhaíochtaí sa phacáiste seo i gcrích
2. Tvuíteáil do chuid grianghraf chuig #EngWeek17 nó seol i r-phost iad chuig: steps@engineersireland.ie

**D'fhéadfadh duine de do dhaltaí duais a bhuachan trí chur isteach ar ár gcomórtas grianghraif!**

SA PHACÁISTE SEO GHEOBHAIDH TÚ AN MÉID SEO A LEANAS:
Ábhair ar féidir iad a phriontáil saor in aisce:
1. Litir chuig tuismitheoirí agus caomhnóirí faoi Sheachtain na nInnealtóirí,
2. Bileog faisnéise #ILookLikeAnEngineer
3. Bileog faisnéise 'Innealtóireacht a Dhéanamh ar do Thodhchaí'
4. Bileog faisnéise 'Déan Taighde ar Ghairm na hInnealtóireachta'
5. Comórtas grianghrafadóireachta faoi innealtóireacht i do cheantarsa
6. Póstaer faoin bpróiseas deartha innealtóireachta
7. Dúshlán Innealtóireachta na Róbat Athchúrsáilte
8. Eagraí dúshláin innealtóireachta

## 1. Litir chuig tuismitheoirí agus caomhnóirí

Is féidir an litir a sheoladh chuig tuismitheoirí chun níos mó a insint dóibh faoi Sheachtain na nInnealtóirí. Tá moltaí sa litir chomh maith faoi cén chaoi ar féidir le tuismitheoirí a bheith páirteach agus cabhrú leat na hábhair a bhailiú a bheidh ag teastáil uait le haghaidh dhúshláin Sheachtain na nInnealtóirí!

PRIONTÁIL: Is féidir an litir do thuismitheoirí agus caomhnóirí a sheoladh abhaile roimh Sheachtain na nInnealtóirí.

## 2. #ILookLikeAnEngineer

Deis mhaith is ea an ghníomhaíocht #ILookLikeAnEngineer chun díospóireacht a spreagadh faoi cé hiad na hinnealtóirí agus lena fháil amach cad atá ar eolas ag an rang faoin innealtóireacht.

PRIONTÁIL: An bhileog ghníomhaíochta do gach dalta sa rang.

IARR: Iarr ar na daltaí oibriú ina bhfoirne chun na ceisteanna a chomhlánú.

FREAGRAÍ: Faigh oibrí deonach ón rang chun an t-aiseolas ón rang a thaifeadadh. Déan freagraí na bhfoirne a chur i gcomparáid lena chéile, an bhfuil aon treochtaí le sonrú iontu?

MÍNIGH: Is daoine gairmiúla cruthaitheacha ó chúlraí éagsúla iad innealtóirí. Is éard atá i steiréitíopa ná dearcadh nó tuairim ró-shimplí faoi dhuine, grúpa nó rud. Sampla de steiréitíopa is ea a cheapadh go bhfuil gach duine aosta dearmadach. Is minic a bhíonn steiréitíopaí ann maidir le hinnealtóireacht m.sh. ceapann daoine áirithe go ndeisíonn innealtóirí carranna, cé go bhfuil réimse leathan conairí éagsúla gairme san innealtóireacht.

#ILookLikeAnEngineer: Íomhá de Isis Anchalee, innealtóir le cuideachta slándála, atá ar an mbileog ghníomhaíochta. Baineadh úsáid as a híomhá i bhfeachtas fógraíochta. Léiríodh tuairimí steiréitíopacha inscne fúithi ar na meáin shóisialta inar cíoradh an chuma a bhí uirthi. Mar fhreagra orthu, cheap Anchalee an haischlib #ILookLikeAnEngineer ar Twitter. Logáil isteach ar Twitter agus cuardaigh le haghaidh na haischlibe.

## 3. 'Innealtóireacht a Dhéanamh ar do Thodhchaí'

MÍNIGH: Go bhfíoraíonn innealtóirí aislingí! Tógann innealtóirí smaointe agus fíoraíonn iad ag baint úsáid as an eolaíocht, matamaitic agus a samhlaíocht. Tá Innealtóirí ina máistrí maidir le réiteach fadhbanna agus dearadh cruthaitheach.

PRIONTÁIL: An bhileog faisnéise do gach dalta sa rang. Is í an bhileog faisnéise an rud díreach atá ag teastáil chun cur leis an méid eolais atá ag na daltaí faoin innealtóireacht.

TABHAIR CUAIRT AR: steps.ie le tuilleadh a fháil faoin innealtóireacht.

## 4. 'Déan Taighde ar Ghairm na hInnealtóireachta'

PRIONTÁIL: An bhileog faisnéise do gach dalta sa rang.

IARR: Ar na daltaí an bhileog faisnéise a chomhlánú.

FREAGRAÍ: Iarr ar na daltaí aiseolas a thabhairt ar an gcineál innealtóireachta ar spéis leo é agus a spreagann iad. Iarr ar oibrí deonach ón rang na cineálacha éagsúla a bhreacadh ar an gclár bán.

## 5. Comórtas grianghrafadóireachta faoin Innealtóireacht i do cheantarsa

PRIONTÁIL: Bileog faisnéise do gach dalta.

MÍNIGH: Go bhfuil samplaí den innealtóireacht le fáil gach áit mórthimpeall orainn! D'oibrigh innealtóirí chun gach rud a dhearadh ón teileafón i do phóca go dtí an peann i do lámh. Iarr ar na daltaí an bhileog faisnéise a chríochnú, déan taighde ar Dargan, fear a bhí ar dhuine de na hinnealtóirí ba mhó in Éirinn agus tóg grianghraf d'obair innealtóireachta atá á déanamh nó de shéadchomhartha nó de dhéanmhas innealtóireachta san áit a bhfuil cónaí ort. Tvuíteáil grianghraif chuig #EngWeekPhoto agus d'fhéadfá duais a bhuachan! Féach ar http://www.engineersjournal.ie/2016/09/20/william-dargan-engineer-railway/ le tuilleadh a fháil amach faoi William Dargan.

## 6. Póstaer faoin bpróiseas deartha innealtóireachta

Is éard atá sa phróiseas deartha innealtóireachta ná sraith céimeanna a ghlacann innealtóirí chun réiteach a fháil ar fhadhb. Is iomaí uair a bhíonn dearadh táirge i gceist le réiteach na faidhbe.

NA CÉIMEANNA BUNÚSACHA SA PHRÓISEAS DEARTHA INNEALTÓIREACHTA:
- An fhadhb a aithint. (Fiafraigh)
- Ransú smaointe a dhéanamh le teacht ar réiteach. (Samhlaigh)
- Mionsamhail a dhearadh, a thógáil agus a thástáil. (Pleanáil agus cruthaigh)
- Torthaí a úsáid chun feabhas a chur ar an mionsamhail. (Déan níos fearr í)

PRIONTÁIL: An póstaer faoin bpróiseas deartha innealtóireachta agus cuir ar taispeáint ar an gclár bán é. Is iontach an rud é an póstaer a úsáid i ndúshlán na róbat.

## 7. Dúshlán innealtóireachta na róbat athchúrsáilte

Is breá le hinnealtóirí dúshláin! Tugann an dúshlán an deis do na daltaí triail a bhaint as an bpróiseas deartha innealtóireachta sa seomra ranga. Is fearr a sháraítear dúshláin má thugann grúpaí fúthu le chéile.

## 8. Eagraí dúshláin innealtóireachta

Is éard is eagraí dúshláin ann ná eagraí atá éasca le húsáid sa phróiseas deartha! Is iontach é a úsáid i ndúshlán na róbat.

# 1 LITIR CHUIG TUISMITHEOIRÍ FAOI SHEACHTAIN NA nINNEALTÓIRÍ, 2017

A Thuismitheoirí agus a Chaomhnóirí,

**Tá Seachtain na nInnealtóirí ar na bacáin!**

Is éard is Seachtain na nInnealtóirí ann ná clár seachtaine d'imeachtaí ar fud na tíre agus é mar aidhm acu ceiliúradh a dhéanamh ar an innealtóireacht in Éirinn. Is é Clár STEPS de chuid Innealtóirí Éireann a dhéanann an tseachtain seo a chomhordú agus tugann sí deis do gach duine feasacht a spreagadh faoin méid a chuidíonn an innealtóireacht linn.  Beidh sí ar siúl inár scoil ó Dé Luain, an 6 Márta, go dtí Dé hAoine, an 10 Márta 2017.

**Cén chaoi ar féidir leat bheith páirteach?**

I rith na seachtaine beimid ag breathnú ar ghairmeacha innealtóireachta, ar an innealtóireacht i do cheantar áitiúil, ar steiréitíopaí maidir leis an innealtóireacht agus beidh daltaí ag obair le róbat athchúrsáilte a chruthú. Beidh do chabhair ag teastáil uainn chun ábhair a bhailiú. Seo roinnt rudaí a d'fhéadfaimis a úsáid:

- Cairtchlár
- Boscaí gránaigh nó bróg
- Rollaí páipéir leithris
- Pasta
- Cnaipí
- Caipíní buidéil

## Imeachtaí #EngWeek17

Beidh daoine ar fud na hÉireann ag glacadh páirte i Seachtain na nInnealtóirí. Féach ar engineersweek.ie lena fháil amach cad iad na himeachtaí a bheidh ar siúl i do cheantarsa.

## Gníomhaíochtaí #EngWeek17

Íoslódáil ó engineersweek.ie gníomhaíochtaí innealtóireachta ar féidir leat iad a dhéanamh sa bhaile. Tugtar treoracha soiléire faoi na gníomhaíochtaí sin agus is féidir iad a úsáid chun imscrúdú a dhéanamh agus breathnú ar an innealtóireacht.

## Glac páirt in STEM mar chuid de #EngWeek17

Tá roinnt dúshlán le sárú againn sa lá atá inniu ann, ón athrú aeráide go cóireáil in aghaidh galair. Is éard atá ag teastáil ón domhan ná go mbeadh breis daoine ag obair san eolaíocht, sa teicneolaíocht, san innealtóireacht agus sa mhatamaitic (STEM) chun réiteach a fháil ar fhadhbanna.  Féach ar www.smartfutures.ie le haghaidh liosta d'imeachtaí STEM agus acmhainní gairme.

Go raibh maith agat as do chuid tacaíochta!

# 2 #ILOOKLIKEANENGINEER

Oibríonn innealtóirí ina bhfoirne! Déan plé ar na nithe seo a leanas in bhur bhfoirne:

1. Cén pictiúr nó cur síos a thagann chun cuimhne nuair a chloiseann tú an focal innealtóir?
2. Cad is steiréitíopaí ann? Cé a bhíonn thíos leo nó cé air a mbíonn tionchar acu?
3. Cén dearcadh atá agat faoin íomhá thíos?




4. Léigh na steiréitíopaí faoin innealtóireacht thíos. Breac síos a gceapann tú faoi gach tuairim?
   - Ní mór d'innealtóirí a lámha a shalú chun rudaí a réiteach
   - Is gairm d'fhir amháin í an innealtóireacht
   - Tá an innealtóireacht leadránach
   - Is breá le hinnealtóirí mata
5. Cad iad na steiréitíopaí eile a cheapann tú atá ann faoin innealtóireacht?
6. Cad iad na tréithe pearsantachta a léiríonn innealtóirí?
7. An dtuigeann gach duine sa phobal an innealtóireacht? Féach ar bhealaí chun an méid atá ar eolas agat faoin innealtóireacht a chur in iúl do dhaltaí eile sa scoil. Tvuíteáil #EngWeek17

# INNEALTÓIREACHT A DHÉANAMH AR DO THODHCHAÍ

## TREOIR DO SCOLÁIRÍ

**TÓGANN INNEALTÓIRÍ SMAOINTE AGUS FÍORAÍONN IAD LEIS AN EOLAÍOCHT, LEIS AN MATAMAITIC AGUS LEIS AN tSAMHLAÍOCHT. TÁ INNEALTÓIRÍ INA MÁISTRÍ Ó THAOBH RÉITEACH FADHBANNA AGUS DEARADH CRUTHAITHEACH DE. MAR GHAIRM BHEATHA, TABHAIRFAIDH AN INNEALTÓIREACHT DEIS DUIT DIFRÍOCHT A DHÉANAMH DO SHAOL DAOINE EILE, CHOMH MAITH LE TAITNEAMH A BHAINT AS SAOL OIBRE BRÍOMHAR NACH MAR A CHÉILE AON DÁ LÁ ANN.**

Tá innealtóirí ar fud fad na cruinne ag obair ar thionscadail nuálacha i láthair na huaire, ó fhuinneamh gréine go dtí orgáin shintéiseacha, ó charranna gan tiománaí go dtí gléasanna cinn réaltachta fíorúla.

Tabharfaidh cáilíocht san innealtóireacht deis duit obair shuimiúil a dhéanamh as lámha a chéile le daoine suimiúla, saol daoine a fheabhsú, agus leas a bhaint as deiseanna gairme nach mór gan teorainn.

## AN OIRFEADH AN INNEALTÓIREACHT DUITSE?

- An bhfuil tú fiosrach ó nádúr faoin gcaoi a n-oibríonn rudaí?
- An aoibhinn leat fadhbanna a réiteach?
- An mbaineann tú taitneamh as rudaí a dhéanamh, a bhriseadh nó a dhearadh?
- An maith leat obair a dhéanamh mar chuid d'fhoireann?
- An bhfuil tú inniúil* ar an matamaitic?

Má thug tú freagra dearfach ar an gcuid is mó de na ceisteanna sin, d'fhéadfadh sé go n-oirfeadh an innealtóireacht duit!

* Cé nach gá d'innealtóirí a bheith thar cionn ag an matamaitic, ní mór dóibh bheith ar a gcompord leis an ábhar. Is iomaí cúrsa innealtóireachta ina gcuirtear tacaíocht bhreise sa mhata ar fáil do mhic léinn sa Chéad Bhliain. Níl an Mhatamaitic Ardleibhéil ina riachtanas do gach uile chúrsa innealtóireachta.

## CÉN CHAOI A nDÉANANN INNEALTÓIRÍ DIFRÍOCHT?



"Cuireann an innealtóireacht ar mo chumas dearadh don todhchaí. Tugann sí deis dom tionchar a imirt ar theicneolaíochtaí atá le teacht, ó ardchineálacha fuinnimh go dtí táirgí leighis atá ar thús cadhnaíochta - rudaí a chuireann feabhas ar an saol ar fud an domhain."
*Cóilín Mac Eochaidh, innealtóir meicniúil agus fuinnimh*



"Tugann an innealtóireacht na huirlisí duit le fadhbanna a réiteach agus ligeann duit obair a dhéanamh in aon earnáil is mian leat, ó scagaire uisce simplí a chur le chéile i bhfásach Afracach go dtí roicéad a thógáil le daoine a chur chuig Mars."
*Eibhlín Ní Dhubhghaill, innealtóir déantúsaíochta*



"Bíonn a fhios agam nuair a théim chuig an obair gach maidin go bhfuil mé ag cabhrú le duine éigin. Úsáideann daoine táirgí dár gcuid ar fud fad an domhain."
*Clár Ní Lillis, innealtóir dearaidh mheicniúil*

STEPS Engineers Ireland

steps.ie
smartfutures.ie

SMART FUTURES



# BONN LÁIDIR FAOI DO SHAOL OIBRE

## RÉIMSE LEATHAN, ÉAGSÚIL STAIDÉIR IS EA AN INNEALTÓIREACHT, A CHUIMSÍONN NEART DISCIPLÍNÍ:

- Aerloingseoireacht
- Bithleigheas
- Bithchórais, talmhaíocht agus bia
- Seirbhísí foirgníochta
- Ceimiceach agus próiseas
- Sibhialta
- Ríomhaireacht agus bogearraí
- Leictreach
- Leictreonach
- Comhshaol
- Déantúsaíocht agus tionsclaíocht
- Ábhair
- Meicniúil
- Meicitreonach/leictrimheicniúil
- Struchtúrach

## GABHÁIL DON INNEALTÓIREACHT

Is féidir leat sainchúrsa a roghnú a léiríonn an spéis atá agat i réimse ar leith nó, más mian leat gan tú féin a cheangal, thabharfadh céim ghinearálta san innealtóireacht neart solúbthachta duit tar éis duit do chéim a bhaint amach.



## AG SMAOINEAMH AR GHABHÁIL DON INNEALTÓIREACHT?

### » DÉAN CINNTE DE GO BHFUIL DO CHÚRSA CREIDIÚNAITHE AG INNEALTÓIRÍ ÉIREANN

Is ionann an creidiúnú agus 'marc cáilíochta', ar bhealach. Nuair a bhaineann tú céim amach ó chúrsa creidiúnaithe...

- feabhsaítear d'ionchais infhostaitheachta
- dearbhaítear d'fhostóirí idirnáisiúnta go bhfuil cáilíocht ar ardchaighdeán agat
- tá sé níos éasca teideal cláraithe a fháil (m.sh. Innealtóir Cairte, Innealtóir Comhlach, Teicneoir Innealtóireachta)



**DÉAN CINNTE DE GO BHFUIL DO CHÚRSA ROGHNAITHE CREIDIÚNAITHE SULA nDÉANFAIDH TÚ IARRATAS AIR – TABHAIR CUAIRT AR ENGINEERSIRELAND.IE/SERVICES**

## AN BHFUIL ÉILEAMH AR INNEALTÓIRÍ?

IN ÉIRINN FAOI LÁTHAIR:

- Oibríonn breis is 105,000 duine san earnáil teicneolaíochta
- Fostaíonn 250 cuideachta teicneolaíochta leighis 25,000 duine
- Fostaíonn 160 cuideachta cluiche 3,300 duine

TÁ LONNAITHE IN ÉIRINN:

- 9 gcinn de na 10 gcuideachta bogearraí is mó
- 9 gcinn de na 10 gcorparáid chógaisíochta dhomhanda is mó
- 12 cheann den 20 gnólacht Idirlín domhanda is mó
- 7 gcinn de na 10 gcuideachta uathoibrithe thionsclaíoch is mó

**LÉIGH GACH RÉAMHEOLAIRE COLÁISTE GO CÚRAMACH LE TREOIR IOMLÁN A FHÁIL AR DO CHÚRSA ROGHNAITHE**

### AN mBÍONN DEISEANNA TAISTIL AG INNEALTÓIRÍ?

Bíonn ar roinnt mhaith innealtóirí taisteal don obair, cibé acu le cuairt a thabhairt ar láithreáin dhifriúla nó le bualadh le cliaint in áiteanna éagsúla. Tá oifigí idirnáisiúnta ag cuid mhaith cuideachtaí móra.

### CÉARD EILE A D'FHÉADFAÍ A DHÉANAMH LE CÉIM SAN INNEALTÓIREACHT?

Tugann an innealtóireacht solúbthacht duit triail a bhaint as go leor slite beatha difriúla. Faigheann mic léinn innealtóireachta scileanna luachmhara a chuireann bonn láidir faoina ngairm bheatha. Tá na scileanna sin tábhachtach do gach uile fhostóir. I suirbhé a rinneadh sna Stáit Aontaithe ar na 500 cuideachta is mó ar an stocmhargadh, bhí céim san innealtóireacht ag 33% de na príomhoifigigh feidhmiúcháin.

### NÍ FÉIDIR LIOM CINNEADH A DHÉANAMH MAIDIR LE DISCIPLÍN INNEALTÓIREACHTA. CÉARD A MHOLFHÁ?

Is iomaí cúrsa ginearálta innealtóireachta atá ann. Bheifeá in ann speisialtóireacht a dhéanamh ar réimse ar leith ina dhiaidh. Ina theannta sin, is féidir an innealtóireacht ghinearálta a roghnú sa chéad bhliain nó sa chéad dá bhliain de roinnt mhaith cúrsaí innealtóireachta.

### CÉ MHEAD A THUILLEANN INNEALTÓIRÍ?

De réir Innealtóirí Éireann, tuilleann innealtóirí iarchéime Ð28,000 agus tuilleann innealtóirí a bhfuil taithí 3 bliana acu Ð38,000.

STEPS Engineers Ireland

steps.ie

smartfutures.ie

SMART FUTURES

# BILEOG FAISNÉISE
# 'DÉAN TAIGHDE AR GHAIRM NA hINNEALTÓIREACHTA'

Ainm: ____________________ Dáta: ________________________

**Cén cineál innealtóra a spreagann thú?!**

TREORACHA TAIGHDE:

- Tá sé tábhachtach eolas a bhailiú roimh duit cinneadh a dhéanamh maidir le do ghairm. Déan iniúchadh ar na cineálacha éagsúla innealtóra atá ann.
- Bain úsáid as na hacmhainní atá luaite thíos chun cabhrú leat iniúchadh a dhéanamh.
- Is í an sprioc atá agat ná iniúchadh a dhéanamh ar na cineálacha éagsúla innealtóra, m.sh. innealtóir bithleighis, agus an cineál sin is mó is spéis leat agus is mó a spreagann thú a roghnú.

ACMHAINNÍ ÚSÁIDEACHA:

- www.steps.ie, do threoir i leith na hinnealtóireachta mar ghairm bheatha.
- www.smartfutures.ie, is féidir leat teacht ar bhreis agus 150 scéal gairme ar an leathanach 'Who Works in STEM?'.
- Cuidíonn www.gradireland.ie leat a fháil amach ó innealtóirí óga cad atá i gceist leis an innealtóireacht.
- www.careersportal.ie, bain úsáid as an t-inneall cuardaigh um ghairmeacha beatha chun gairmeacha beatha san innealtóireacht a iniúchadh.

CEISTEANNA AGALLAIMH LE hINNEALTÓIR

Déan teagmháil le hinnealtóir gairmiúil agus úsáid na ceisteanna thíos chun tú féin a threorú trí chomhrá a chabhróidh leat tuiscint níos fearr a fháil ar an ngairm atá aige nó aici.

1. Cén cineál innealtóra thú?
2. Cad a dhéanann do chuideachta?
3. Cad é an rud is mó a thaitníonn leat faoi do phost?
4. Cad a spreag thú le bheith i d'innealtóir?
5. Cén chaoi a gcaitheann tú an chuid is mó de do chuid ama?
6. Cén teicneolaíocht a úsáideann tú i do phost?
7. An mbíonn tú ag obair le daoine eile? Cén chaoi?
8. Cén staidéar a rinne tú ar scoil agus ar ollscoil le bheith i d'innealtóir?
9. An raibh sé tábhachtach staidéar a dhéanamh ar mhatamaitic agus ar eolaíocht le haghaidh do phoist?
10. Tá níos lú ban ná fear ag obair san innealtóireacht faoi láthair. Cad ba mhaith leat a rá le cailíní ar spéis leo slí bheatha a bheith acu mar innealtóirí?
11. Cén tionscadal arbh fhearr leat a bheith ag obair air?
12. Cén fáth ar cheart do dhaoine óga machnamh ar ghairm innealtóireachta?
13. Cad is maith leat a dhéanamh nuair a bhíonn tú saor?

Spreagann innealtóir de chineál __________ mé

Tá mé ag roghnú an innealtóra sin toisc...

Trí thasc a dhéanann an t-innealtóir sin i ngnáthlá oibre

1.

2.

3.

Innealtóireacht a dhéanamh ar mo thodhchaí

Cad ar gá dom staidéar a dhéanamh air le bheith i m'innealtóir den chineál sin?

Cuideachtaí a bhféadfainn oibriú leo mar an gcineál sin innealtóra

Faisnéis eile faoin innealtóireacht atá faighte amach agam agus atá suimiúil

# 5 COMÓRTAS GRIANGHRAFADÓIREACHTA FAOIN INNEALTÓIREACHT I DO CHEANTARSA




## TAIGHDE

Glacadh an grianghraf seo lasmuigh de Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann.
An bhfuil a fhios agat cérbh é Dargan? Déan taighde ar Dargan agus faigh amach cén speisialtóireacht a bhí aige.

## GLAC GRIANGHRAF

Tá réimse leathan cineálacha innealtóireachta i do cheantar, glac grianghraf a léireoidh innealtóireacht i do cheantarsa. Is féidir aon ghné den innealtóireacht a bheith san áireamh sa ghrianghraf, mar sin bí cruthaitheach!

## COMÓRTAS

Bain úsáid as cuntas Twitter do scoile chun do ghrianghraif a tvuíteáil, agus #EngWeekPhoto agus @engineerireland a lua ann, chun seans a bheith agat táibléad a bhuachan. Luaigh d'ainm agus ainm do scoile agus seol isteach roimh an dáta deiridh, Dé hAoine, an 17 Márta, iad. Féach engineersweek.ie chun treoracha iomlána a fháil mar aon leis na téarmaí agus coinníollacha go léir.

# 6. PÓSTAER FAOIN bPRÓISEAS DEARTHA INNEALTÓIREACHTA

## FIAFRAIGH

Cad é an dúshlán?

Cén chaoi ar féidir leat é a shárú?

## SAMHLAIGH

Tar ar roinnt réiteach féideartha

Téigh i mbun ransú smaointe le d'fhoireann

## PLEANÁIL AGUS CRUTHAIGH

Tarraing léaráid.

Bain úsáid as do phlean chun do chuid smaointe a thástáil le d'fhoireann

## CUIR FEABHAS AIR

Smaoinigh ar cad a d'fhéadfadh oibriú níos fearr.

Athraigh do dhearadh agus bain triail eile as!

# 7. DÚSHLÁN INNEALTÓIREACHTA NA RÓBAT ATHCHÚRSÁILTE

## Treoracha don Mhúinteoir

A mBEIDH AG TEASTÁIL UAIT:

- Cairtchlár
- Boscaí beaga don chorp agus don cheann
- Siosúr
- Bosca gránaigh
- Péinteanna
- Pasta
- Caipíní buidéil
- Cnaipí
- Gliú

ULLMHÚ:

- Bailigh na hábhair
- Tabhair boscaí cairtchláir, ábhair athchúrsáilte, gliú agus péint do gach foireann
- Cuir dromchla cothrom ar fáil chun na róbait a dhéanamh air

SPRIOC AN DÚSHLÁIN:

Déanfaidh daltaí róbait chúláilte a dhearadh agus a dhéanamh as ábhair athchúrsáilte. Déanfaidh na daltaí róbat a dhearadh agus a chruthú ansin chun tasc ar leith a dhéanamh.

## A. Róbait Athchúrsáilte

Tá innealtóirí róbataice freagrach as róbait agus as córais róbataice a chruthú atá in ann rudaí a dhéanamh nach bhfuil daoine in ann a dhéanamh nó arbh fhearr leo gan iad a dhéanamh.

**Déan ceiliúradh ar Sheachtain na nInnealtóirí agus Déan Róbat #engweek17.**

TREORACHA AN DÚSHLÁIN:

- Is í an sprioc atá agat ná róbat a dhéanamh as ábhar athchúrsáilte atá curtha ar fáil.
- Gearr amach píosa an-mhór cearnach cairtchláir agus déan é a phéinteáil ar bhealach ar bith is mian leat.
- Cruthaigh do róbat le claibíní bosca don chorp agus gearr amach na lámha agus na cosa as boscaí gránaigh.
- Déan é a mhaisiú le hábhair éagsúla (buidéil phlaisteacha, boscaí, scragall stáin, rollaí páipéir cistine, cartáin uibheacha, srl.) Bí cruthaitheach!
- Greamaigh do róbat in áit le gliú

## B. Róbait chun tascanna sonracha a dhéanamh

Oibríonn innealtóirí ina bhfoirne chun a gcuid smaointe a dhearadh, a thástáil agus a fheabhsú.

**An féidir leat róbat a dhearadh agus a dhéanamh chun tasc ar leith a dhéanamh?**

TREORACHA AN DÚSHLÁIN:

- Is í an aidhm atá agat ná oibriú i d'fhoirne chun róbat a chruthú, a dhéanfaidh tasc ar leith.
- Smaoinigh ar an tasc ba mhaith leat a ndéanfaidh do róbat é. Bain úsáid as an Idirlíon nó as leabhair chun taighde a dhéanamh.
- Tóg róbat ar dhromchla cothrom leis na hábhair a cuireadh ar fáil.
- Bí cruthaitheach agus tú ag tabhairt aghaidh ar an dúshlán seo.

# 8. EAGRAÍ DÚSHLÁIN INNEALTÓIREACHTA

Ainm: ______________________ Dáta: ______________________

**Cad atá ag teastáil le haghaidh dhúshlán an lae inniu?**

Réiteach fadhbanna

Obair foirne

Smaointeoireacht chruthaitheach

Cumarsáid

**Cén dúshlán atá againn inniu?**

**Cad iad na smaointe atá agat chun an dúshlán a shárú?**

**Dear é!**

**Cad is féidir linn a athrú chun é a dhéanamh níos fearr?**

**Cad ar éirigh go maith leis?**

**Cad nár éirigh go maith leis?**